# Babhta Coimisiúnaithe - don Chiste Craoltóireachta Gaeilge (ILBF)

## Fómhar 2026

## An dáta deiridh d'iarratais: 16:00 an 21 Iúil 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua https://ecoimisiuin.tg4.ie/**

Fáilteoidh TG4 roimh smaointe ó léiritheoirí dá sceideal 2027. Ba mhaith le TG4 ábhar misniúil, spreagúil, spraíúil agus uaillmhianach a chur ar fáil dá lucht féachana, ábhar a thugann léargas ar shaol, ar chultúr, ar spiorad, ar acmhainn grinn agus ar fhéiniúlacht na nGael ar bhealach barántúil, comhaimseartha agus fisiúil ar gach ardán. Ábhar den chéad scoth atá fréamhaithe sa teanga agus i bpobal na Gaeltachta agus i bpobal na Gaeilge, a chothaíonn ceangal leis an lucht féachana, a spreagann comhrá agus ar díol suntais é ar líne agus ar an scáileán in Éirinn agus níos faide i gcéin.

Cuireann TG4 an lucht féachana i gcroílár gach ní a dhéanann sé. Beidh riachtanais, mianta agus nósanna féachana lucht féachana TG4 i gcroílár an ábhair a chraolfar. Cé go leanfaimid de bheith láidir i réimsí amhail faisnéis, ceol agus spóirt, tá fís shoiléir againn freisin lucht féachana nua agus níos leithne a mhealladh le hábhar atá siamsúil, spraíúil, dána agus sainiúil agus a thugann 'Súil Eile' TG4 chun cinn ar bhealach comhaimseartha ar gach ardán.

Creideann TG4 i luach na Gaeilge agus gur buntáiste í ó thaobh na cruthaitheachta de. Tá TG4 ag lorg ábhair a thiocfaidh ón gcroí amach - ábhar atá fréamhaithe go nádúrtha sa teanga agus sa phobal, lena mbaineann uaillmhian ó thaobh na fisiúlachta de, cur chuige eagarthóireachta láidir agus atá oiriúnach do gach ardán ón tús.

Is riachtanas de chuid TG4 é go mbeadh eolas ag comhlacht ar bith a mbronntar coimisiúnú air ar Chaighdeáin agus ar Threoirlínte Iriseoireachta Chláir TG4,, ar Pholasaí Comhlíontachta TG4 agus ar na hoibleagáidí reachtúla agus rialála atá i gceist faoin Acht Craolacháin 2009 chomh maith le heolas a bheith acu ar Chóid agus Rialacha ábhartha Choimisiún na Meán (CnaM.ie).

## Sula ndéantar iarratas:

- **Léigh Spriocanna Straitéiseacha TG4:** (Lch 6) agus léirigh go soiléir an chaoi a dtacaíonn do mholadh le straitéis TG4.

- **Lucht Féachana:** Luaigh go soiléir an lucht féachana a bhfuil do mholadh dírithe air. (Páistí, aoisghrúpa 15-35, 34-54, 55+)

## Príomhphointí:

- Tabharfar gearrliosta curtha i gcrích faoin **31/07/2026** (tá sé de cheart ag TG4 ná dátaí sin a athrú más gá)

- Déanfar gearrliosta bunaithe ar riachtanais sceidealaithe agus tosaíochtaí straitéiseacha TG4.

- Má roghnaítear d'iarratas, déanfaidh an tEagarthóir Coimisiúnaithe teagmháil leat tríd an gcóras eComm faoi na chéad chéimeanna eile agus faoi iarratas foirmeálta a dhéanamh.

- Cé go bhfaighimid go leor moltaí do chláir faisnéise aonair agus sraitheanna faisnéise, molaimid machnamh a dhéanamh ar sheánraí eile a oireann do spriocanna straitéise agus do sceideal TG4.

- Pléifear cearta ag an gcéad chéim eile den phróiseas má éiríonn leis an iarratas dul ar aghaidh chuig an ngearrliosta.

- Níor cheart tograí a diúltaíodh roimhe seo a chur isteach arís gan labhairt le hEagarthóir Coimisiúnaithe roimh ré agus é sin a bheith aontaithe.  Ní mór na hathruithe a moladh san aiseolas a fuarthas ó TG4 & ILBF a dhéanamh ar dtús.

- Beidh Eagarthóir Coimisiúnaithe ó TG4 ar fáil le haghaidh cruinnithe le léiritheoirí a bhfuil suim acu sa mbabhta seo. Is féidir ceisteanna a chur ar aghaidh nó plé tosaigh a eagrú ach teagmháil a dhéanamh le:  Julieann.ni.fhatharta@tg4.ie.

## Riachtanais Iarratais:

Beidh foirm le líonadh isteach, mar chuid den iarratas, ar an suíomh nua eCoimisiúin. Is féidir an t-eolas a bhaineann leis na riachtanais thíos agus aon eolas breise a chur ag deireadh an iarratais i bhfoirm pdf mar aon le naisc ar bith is mian libh a áireamh.

**Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh mar chuid den iarratas ar an mbabhta seo:**

- Cur síos ar an smaoineamh, ar an ton, uaillmhian, fís eagarthóireachta agus ar an gcur chuige cruthaitheach
- Amlíne léiriúcháin agus moltaí samplacha ar na cláracha
- Léargas a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil an togra ag teacht le Súil Eile TG4 agus leis an méid atá á lorg don seánra áirithe sin
- Léargas a thabhairt ar an gcaoi a gcuirfidh an togra le branda TG4
- A léiriú go soiléir go dtuigtear an sprioclucht féachana ar a bhfuil an t-ábhar dírithe agus go dtuigtear an chaoi a meallfar agus a gcoinneofar aird an lucht féachana sin
- Plean ilardáin agus cur chuige soiléir maidir le forbairt an ábhair agus maidir lena chur in oiriúint do na hardáin dhigiteacha
- An fhoireann chruthaitheach agus eagarthóireachta a bheidh taobh thiar agus os comhair an cheamara agus taithí ábhartha na foirne sin
- Ba bhreá le TG4 dá ndéanfaí láithreoirí agus rannpháirtithe nua a mholadh mar chuid den iarratas. Má tá tallann ar an scáileán i gceist, tabhair le fios cé hiad chomh maith le nasc chuig a dtriail scáileáin mar chuid den iarratas.
- Cur chuige eagarthóireachta teangeolaíoch don léiriú - ní mór an cur chuige a úsáidfear sa chlár / sa tsraith chun ardchaighdeán, cruinneas agus saibhreas na Gaeilge a chinntiú a chur in iúl Ní mór comhairleoir teanga ó phainéal nua comhairleoirí teanga TG4 a bheith ainmnithe le gach togra.
- Tá buiséad agus plean airgeadais de réir an teimpléid buiséid chuí ag teastáil le haghaidh gach iarratais. Ní dhéanfar iarratais a chuirtear isteach gan buiséad comhlánaithe ar an teimpléad ábhartha a bheith leo a mheas. ILBF: **Teimpléad buiséid ILBF**

**Nóta:** Ní dhéanfar iarratais nach gcomhlíonann na riachtanais thuas a mheas

**Seánraí Incháilithe:** Glacfar le cláir uaire nó leathuaire nó le sraitheanna de chláir uaire nó leathuaire

**Fíorasach:** Ón stair a mhúnlaigh muid go dtí saincheisteanna an lae inniu, táimid ag lorg cláir agus sraitheanna faisnéise a spreagann, a chuireann eolas ar fáil agus a chuireann ag smaoineamh muid.

Táimid ag lorg smaointe nua do réimse leathan clár faisnéise a mbeidh fís chruthaitheach láidir á roinnt leo — ábhar staire, comhaimseartha, reatha agus gach rud idir eatarthu. Cuirfear fáilte roimh smaointe do chláir faisnéise reatha thráthúla ar féidir iad a chur ar fáil go tapa. Cuirfear fáilte ach go háirithe roimh mhionsraitheanna comhaimseartha de chláir uair an cloig ar fad.

*Is fiú a thabhairt faoi deara go mbíonn comórtas géar ann do choimisiúnú ábhair faisnéise mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear faoin seánra seo.

**Siamsaíocht:** Táimid ag lorg smaointe nua dána, siamsúla, spraíúla a chuirfidh daoine ag caint. Ba mhaith le TG4 coimisiúnú a dhéanamh ar shraitheanna siamsaíochta a bhriseann an múnla agus formáidí a thagann le 'Súil Eile' TG4. Sraitheanna siamsaíochta 25/50 nóiméad ar fhad atá uainn, lena n-áirítear seónna ardfhuinnimh sa stiúideo nó ar an láthair, formáidí nó ábhar siamsaíochta a mheallfaidh lucht féachana leathan nó teaghlaigh. Cuirfidh TG4 fáilte ar leith roimh smaointe a mbeidh cur chuige ilardáin láidir i gceist leo.

**Siamsaíocht Fhíorasach:** Tá TG4 ag lorg sraitheanna ina bhfuil idir scéalaíocht fhíorasach, fuinneamh, greann agus siamsaíocht iontu agus a mbeidh tarraingt láidir ag an lucht féachana orthu. Cuirfidh TG4 fáilte ar leith roimh smaointe a mbeidh cur chuige ilardáin láidir i gceist leo.

**Saolchláir:** Tá TG4 ag lorg smaointe úra, uailmhianacha do shraitheanna saolchláir agus formáidí a thugann léargas ar shaol comhaimseartha na hÉireann ar bhealach siamsúil, mealltach agus ábhartha. Tá TG4 ag iarraidh ábhair a chuireann eolas praiticiúil ar fáil dár sprioc-lucht féachana agus a spreagfaidh iad i réimsí amhail stíl mhaireachtála, taisteal, cócaireacht,

feirmeoireacht, sláinte, caidreamh, baile agus gairdín srl. Beifear ag súil na sraitheanna seo a chraoladh roimh 9pm i rith na seachtaine.

## Ábhar do Dhaoine Óga: Déagóirí (13-17) agus Lucht Féachana faoi 35):

Táimid ag lorg smaointe úra, uailmhianacha, comhaimseartha agus ilardáin i ngach seánra don aoisghrúpa seo. Tá suim ar leith ag TG4 in ábhar dána, nuálach agus siamsúil - idir ghreann, shiamsaíocht, fhaisnéis, fhormáidí agus drámaíocht. Ní mór é a bheith soiléir cé hiad an sprioc-lucht féachana agus ní mór an chaoi a mbainfear an lucht féachana sin amach ar na hardáin chuí a léiriú go láidir.

## Ceol:

Tá TG4 ag lorg tograí uailmhianacha ceoil (idir cheol traidisiúnta, cheol comhaimseartha, cheol tíre nua srl) a bhfuil spéis ag lucht féachana TG4 iontu. Tá suim ag TG4 in ábhar a thugann taibhiú agus scéalaíocht le chéile, a chruthaíonn ardán nua agus cur i láthair úr don cheol ar an scáileán agus ar líne, agus a chuireann siamsaíocht den scoth ar fáil don lucht féachana. Ba chóir na tograí a bheith in ann seasamh go láidir sa phríomh-chlársceideal, a bheith in ann lucht féachana leathan agus/nó nua a mhealladh, agus ba chóir láithreacht láidir dhigiteach a bheith mar ghné lárnach díobh ón tús.

## Ócáidí Ceiliúrtha:

Táimid ag lorg smaointe nua do chláir cheoil idir cheolchoirmeacha, ócáidí, shiamsaíocht cheoil agus cheol beo a luíonn go smior le 'súil eile' TG4 agus a spreagfaidh an lucht féachana.

B'fhiú d'ócáidí ceoil a bheith dírithe ar ócáid ar leith - Samhradh 2027, Samhain agus Nollaig 2027. Lá Fhéile Bríde 2027/28, Lá Fhéile Pádraig 2027/28.

## Na hEalaíona:

Táimid ag lorg clár ealaíon ina léirítear dearcthaí nua, ina dtugtar ardán d'ealaíontóirí agus do lucht cruthaitheacha, agus ina dtugtar faoi chuir chuige nuálacha, ealaíonta agus cruthaitheacha i leith na físiúlachta, na scéalaíochta agus an léirithe. Ó chleachtais chruthaitheacha chomhaimseartha go scéalta mealltacha cultúir, táimid ag lorg smaointe teilifíse a mheallann, a spreagann, agus a thugann ardán do ghlórtha nach dtugtar aird orthu go minic. Cláir aonair nó sraitheanna don phríomham féachana agus ar líne atá i gceist.

**Cúla4:** Lucht Féachana Bunscoile nó Réamhscoile: Ábhar tarraingteach agus spraíúil i ngach seánra atá á lorg a léiríonn ábhar a bhfuil spéis ag an lucht féachana seo ann. Is fiú smaoineamh ar an ábhar spéise is mó atá ag daoine óga - spórt, ealaín, eolaíocht, peataí, teicneolaíocht etc. Ní mór smaointe/tuairimí an lucht féachana a chur san áireamh agus ní mór an stíl, an toin agus an bhrandáil a bheith soiléir ó thús an togra.

**Forbairt:** Is deis é seo aon smaoineamh in aon fhormáid a chur ar aghaidh. Cuir iontas orainn le hábhar nach bhfuil TG4, dar leat, a chur ar fáil faoi láthair agus a mbeadh spéis ag an lucht féachana ann agus mínigh cén fáth a bhfuil a leithéid d'ábhar ag teastáil. Is fiú a bheith ag cuimhneamh ábhar a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach don chiste Oileán Comhroinnte a bheas á fhógairt go bliantúil ag Coimisiúin na Meán ó 2026-2028

**Cúrsaí Reatha:** Tá TG4 ag lorg sraith cúrsaí reatha trína ndéanfar iniúchadh agus mionscrúdú ar scéalta nuachta, ar scéalta atá i mbéal an phobail agus a spreagfaidh plé i measc an phobail. Mar chuid den tsraith déanfar anailís ghéarchúiseach, chróga agus chomhaimseartha ar scéalta nuachta agus ar na ceisteanna is mó atá ag dul i bhfeidhm ar phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge agus ar mhuintir na tíre. Táimid ag lorg cur chuige eagarthóireachta agus iriseoireachta láidir lena mbaineann guth agus cur chuige sainiúil.

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Ní mór iarratais a dhéanamh roimh an sprioc-am agus iad a chur ar aghaidh trí ***'ILBF Fómhar 2026'*** a roghnú ón roghchlár. Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh molta caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig maryellen.ni.chualain@tg4.ie

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag TG4 nó thar a cheann.*